

Clár Ábhar

Nuacht ón gComhairle

Teachtaireacht ó Chathaoirleach na Comhairle	1
Comhdháil Taighde na NCSE, 2012	1
Foilseacháin na NCSE	2
Oibríochtaí na NCSE	2

An Taighde is deireanaí

Tuarascálacha Taighde na NCSE	3
Dhá Staidéar Taighde nua coimisiúnaithe ag an NCSE	5

Oideachas Speisialta

Comhairle Beartais ón NCSE	7
An NCSE ag dul i gcomhairle le Comhpháirtithe Oideachais	8

Iompar Dearfach i Scoileanna á chur chun cinn

Ag múineadh do pháistí agus do dhaoine óga conas an ceann is fearr a fháil ar imní	9
The Incredible Years	12

An Nuacht is deireanaí ó EADSNE


14

Teachtaireacht ó Chathaoirleach na Comhairle

Fáiltím roimh ár lucht léitheoireachta ar fad agus ba mhaith liom bhur n-aire a dhíriú ar Chomhdháil Taighde Bhliantúil 2012 na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bheidh ar siúl ar an 21 Samhain in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh. Sa chomhdháil seo tabharfaidh taighdeoirí mór-le-rá as an tír seo agus as tíortha thar lear láithreoireachtaí ar thaighde a bhí coimisiúnaithe ag an NCSE. Féadfaidh tú áit a chur in áirithe ag an gcomhdháil ach an fhoirm chlárúcháin a chur isteach faoi 5i.n. Dé Céadaoin 7 Samhain 2012. Tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín www.ncse.ie chun foirm chlárúcháin ar líne a fháil.

D'fhoilsíomar comhairle beartais le déanaí maidir le hoideachas daltaí a léiríonn iompar dúshlánach a bhfuil suaitheadh mothúcháinach/neamhoird iompair thromchúiseacha mar chúis leo. Bhíomar ag díriú ar líon beag páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtús báire, páistí nárbh fhéidir smacht a chur ar a n-iompar ina sainúiomhanna scoile, nach mór. Tuigeadh de réir a chéile áfach, gur fadhb shuntasach é iompar míchuí i scoileanna ar fud na tíre

agus go mbaineann sé le daltaí nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, chomh maith. Is í ár dtuairim go mbeidh ár gcuid moltaí, má chuirfear i ngníomh iad, ina gcúnamh do scoileanna chun cosc a chur ar iompar dúshlánach agus chun é a bhainistiú más ann dó.



Is é a áiríodh ar na moltaí a rinneamar ná go dtabharfaí tacaíocht do scoileanna cláir oideachais a chur i ngníomh atá cruthaithe mar chlár a bhfuil dea-thorthaí acu i dtaobh iompar a bhainistiú. Is cúis áthais ar leith dúinn ailt a fhoilsiú anseo ina ndéantar cur-síos ar dhá cheann de na cláir seo, is é sin, an clár The Incredible Years agus 'FRIENDS'.

Áirítear ar ár gcuid freagrachtaí tacaíochtaí breise múinteoireachta agus cúraim do scoileanna a cheadú. Tá áthas orainn gur tháinig méadú beag ar líon na bpost do mhúinteoirí acmhainne atá ar fáil dúinn d'ainneoin deacrachtaí eacnamaíochta na linne seo, is é sin, ardú go 5,265 phost. Maidir le líon post do chúntóirí Riachtanas Speisialta, tá 10,575 ar fáil dúinn mar a bhí roimhe seo. Ina theannta sin d'éirigh linn 91 rang speisialta a chur ar bun chun freastal ar bhreis is 500 dalta a bhfuil riachtanais speisialta acu i 88 scoil phríomhshrutha idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le scoileanna agus le tuismitheoirí as cabhrú lenár nEagraithe Riachtanas Speisialta i gcónaí agus iad ag leithdháileadh na n-acmhainní atá ar fáil dóibh ar scoileanna go cothrom cóir.

Ba mhaith liom a threisiú go bhfuil de rún daingean ag an NCSE leanúint uirthi ag obair go crua chun leas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a gcuid teaghlach a chur chun cinn. Leanfaidh an NCSE uirthi ag comhlíonadh a cuid freagrachtaí sa (Ar leanúint ar leathanach 2)

Comhdháil Taighde na NCSE, 2012

Dé Céadaoin 21 Samhain, Suít Hogan, Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. 9.00n – 4.00n

Ag comhdháil taighde bhliantúil na NCSE tugtar deis don lucht freastail eolas a fháil ar an taighde is deireanaí a dhéantar sa tír seo agus go hidirnáisiúnta ar réimse an oideachais speisialta, mar aon le deis plé a dhéanamh air.

Tugtar láithreoireachtaí ag an gcomhdháil atá bunaithe ar staidéir a choimisiúnaigh an NCSE, idir staidéir atá ar siúl i gcónaí agus staidéir atá críochnaithe cheana. Ina theannta sin bíonn aoichainteoirí idirnáisiúnta ag caint faoi phríomhcheisteanna na linne seo.

Labhróidh cainteoirí na comhdhála faoi oideachas múinteora ar mhaithe le cuimsiú, gnóthachtáil agus torthaí, faoi léirshamlacha soláthair, ranganna speisialta agus faoi thorthaí staidéir fhadaimseartha na NCSE.

Tá teacht ar a thuilleadh eolais ar shuíomh idirlín na NCSE www.ncse.ie. Cliceáil [anseo](#) le do thoil, chun clár oibre na comhdhála a léamh. Cliceáil [anseo](#) chun an fhoirm chlárúcháin ar líne a chomhlánú agus a chur isteach.

Is tuairimí na n-údar aonar iad na tuairimí a léirítear sa nuachtlitr seo agus ní chiallaíonn sin go bhfuil siad formhuinthe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

(Teachtaireacht ó Chathaoirleach na Comhairle, ar leanúint)

mhéid go gcuirfear na tacaíochtaí oideachais breise sin ar fáil do scoileanna go tráthúil atá ag teastáil ó na páistí chun oideachas cuí a fháil agus leanfaimid orainn ag comhlíonadh ár gcuid dualgas i ndáil le taighde na NCSE a fhoilsiú agus comhairle beartais a chur faoi bhráid an Aire.

Tá téarma oifige na Comhairle seo ag druidim chun deiridh ag deireadh na bliana seo agus ceapfaidh an tAire Comhairle nua a bheidh i mbun oifige ó mhí Eanáir 2013 ar aghaidh. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas na mball go léir do rialachas na NCSE thar an téarma seo caite. Is é a bhí i gceist ná baill a bheith ag freastal ar chruinnithe rialta na Comhairle agus a gcion oibre a dhéanamh ina dtaobh. Bhí an-chuid taistil le déanamh ag cuid acu dá bharr. Ina theannta sin bhí orthu a lán doiciméadaithe a léamh roimh na cruinnithe agus rannpháirtíú go gníomhach in obair na Comhairle trí bheith mar chathaoirleach ar chruinniú nó trí bheith ina mbaill d'fhochoistí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir as a bheith chomh toilteanach sin bhuir gcuid eolais agus taithí a roinnt go fial flaithiúil agus as bhuir meon comhoibritheach. Guím rath agus sonas oraibh agus sibh ag tabhairt faoi bhuir gcuid oibre nua amach anseo.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht agus do dhílseacht foireann na NCSE, d'eagraithe riachtanas speisialta agus do na ranna riaracháin araon. Glacaim buíochas leo as comhoibriú leis an gComhairle agus liom féin le sé bliana anuas.



Sydney Blain
Cathaoirleach

Foilseachán ón NCSE

Ráiteas Straitéise na NCSE 2012 – 2016

Tá Ráiteas Straitéise don tréimhse 2012-2016 foilsithe ag an NCSE. Tá an ráiteas dírithe ar chúig chinn de chuspóirí straitéise na Comhairle agus tá siad bunaithe ar a príomhfheidhmeanna de réir mar atá sonraithe in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanas Speisialta Oideachais acu, 2004 (Acht



EPSEN). Nuair a bheidh na cuspóirí straitéiseacha seo bainte amach fairsingeoidh siad an méid eolais ar oideachas speisialta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta; tabharfaidh siad tuilleadh comhairle beartais i ndáil le ceistanna maidir le hoideachas speisialta agus í bunaithe ar chruthúnas; cinnteoidh siad go leithdháilfear na tacaíochtaí múinteoireachta agus cúraim atá ar fáil ar scoileanna ina bhfuil daltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu cláraithe; go gcomhlíonfaimid ár gcuid freagrachtaí

reachtacha agus rialachais chorparáidigh; agus go bpléifear riachtanas breisoideachais agus ardoideachais daoine fásta a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu. Tá cóip den Ráiteas Straitéise ar fáil ag http://www.ncse.ie/publications/strategy_statements.asp

Tuarascáil Bhliantúil na NCSE, 2011

Tá Tuarascáil Bhliantúil na NCSE foilsithe. Tugtar cuntas inti ar a bhfuil bainte amach ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) le linn 2011 agus ar na gníomhaíochtaí a bhí idir lámha aici le linn na tréimhse sin. Is féidir an tuarascáil seo a léamh nó a íoslódáil ónár suíomh idirlín http://www.ncse.ie/uploads/1/Annual_Report_accessible_version.pdf

Oibríochtaí na NCSE

Leithdháileadh Acmhainní i 2012/2013

D'fhoilsigh an NCSE leithdháileadh na bpost Múinteora Acmhainne agus Cúntóra Riachtanas Speisialta le haghaidh na scoilbhliana 2012/2013 ar an suíomh idirlín Dé Céadaoin an 13 Meitheamh.

Éileamh breise ar Thacaíocht ó Mhúinteoirí Acmhainne

Tá coibhéis 4,830 post múinteoireachta acmhainne leithdháilte ar scoileanna ag an NCSE i gcomhair na scoilbhliana 2012/2013 i dtaca le hiarratais a fuarthas go dtí an 2 Bealtaine 2012. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar phoist mhúinteoireachta acmhainne go ginearálta. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna cinneadh an bunús ar a ndéantar uaireanta múinteoireachta acmhainne do scoileanna a shocrú ag 85% den leibhéal beartais atá i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn a chinntiú go raibh d'acmhainn ag an NCSE freastal ar bhreis iarratas a tháinig isteach sa bhfómhar. Iarradh ar scoileanna gach iarratas ar thacaíocht múinteoireachta acmhainne bhreise a chur isteach chuig an Eagraí Riachtanas Speisialta faoin 5 Deireadh Fómhair chun go ndéanfaí é a phróiseáil.

Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Leithdháileadh 10,304 phost Cúntóra Riachtanas Speisialta ar scoileanna i gcomhair na bliana 2012/13; líon atá cosúil le líon na bpost a cuireadh ar fáil anuraidh.

- Níor tháinig aon athrú ar an méid tacaíochta ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta i 55% de scoileanna;
- Laghdaíodh an tacaíocht ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta i 23% de scoileanna agus tháinig méadú ar an méid tacaíochta i 22% de scoileanna.

Léiríonn sé seo go bhfuil athrú tagtha ar chineál an éilimh i 3,200 scoil, isteach is amach. Dhearbhaigh an NCSE go mbeadh ar a cumas freagairt d'iarratais phráinneacha ar thacaíocht ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na scoilbhliana mar tá oiread is 10,575 phost ar fáil. Tá próiseas achomhairc á fhorbairt agus á chur i gcrích ag an NCSE faoi láthair a bheidh ar fáil go luath.

Tuarascálacha Taighde na NCSE

Tuarascálacha Foilsithe ó Chlár Taighde Coimisiúnaithe 2009-2011 de chuid na NCSE

Tá sraith tuarascálacha óna clár taighde coimisiúnaithe foilsithe ag an NCSE ó 2009 i leith. Is féidir iad go léir a íoslódáil ó shuíomh idirlín na NCSE. Áirítear na tuarascálacha, mar aon leis na naisc chuig na leaganacha leictreonacha, anseo thíos in ord bliana, rud a d'fhéadfadh a bheith áisiúil don léitheoir.

2011

A Study on the Prevalence of Special Educational Needs (2011) Joanne Banks agus Selina McCoy, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh. 9.

http://www.ncse.ie/uploads/1/Prevalence_of_SEN_10_09_12.pdf

Access to the curriculum for pupils with a variety of special educational needs in mainstream classes (2011) Jean Ware, Cathal Butler, Christopher Robertson, Margaret O'Donnell agus Magi Gould, Ollscoil Bheannchair agus Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh. 8.

http://www.ncse.ie/uploads/1/AccessstotheCurriculum_1.pdf

An Inventory of Research and Policy Related Publications in the Field of Special Education (2011) Joseph Travers, Cathal Butler agus Margaret O'Donnell, Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath.

http://www.ncse.ie/uploads/1/Report_of_Audit_January_2011_1.pdf

Téann an nasc thuas chuig príomhthuarascáil an fhardail seo. Tá bunachar sonraí na dtagairtí agus na dtuarascálacha forlíontacha ar fáil ar shuíomh idirlín na NCSE, chomh maith.

Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Children with Emotional Disturbance/Behavioural Difficulties (2011) Paul Cooper agus Barbara Jacobs, Ollscoil Leicester: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh. 7.

http://www.ncse.ie/uploads/1/7_NCSE_EBD.pdf




2010

A National Survey of Parental Attitudes to and Experiences of Local and National Special Education Services (2010) David Armstrong, Gillian Kane, Gillian O'Sullivan agus Maura Kelly, PricewaterhouseCoopers: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh. 6.

http://www.ncse.ie/uploads/1/6_NCSE_ParentalAttitude.pdf

Tá achoimre ar an tuarascáil taighde thuas ar fáil leis, ag:

http://www.ncse.ie/uploads/1/Parental_Survey_Summary_1.pdf



Tuarascálacha Taighde na NCSE, (ar leanúint)

Procedures used to Diagnose a Disability and to Assess Special Educational Needs: An International Review (2010) Professor Geoff Lindsay agus an Dr. Martin Desforges, An tIonad um Fhorbairt Oideachasúil, Breithmheas agus Taighde, Ollscoil Warwick: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh. 5.

http://www.ncse.ie/uploads/1/5_NCSE_Diag_Ass.pdf

Literature Review of the Principles and Practices Relating to Inclusive Education for Children with Special Educational Needs (2010) Eileen Winter agus Paul O' Raw, Institiúid na hEorpa um Oideachas agus Siceolaíocht an Pháiste (Maigh Nuad) i gcomhar le Fóram Comhairliúcháin na NCSE 2007-9.

http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSE_Inclusion.pdf

2009

Research Report on the Role of Special Schools and Classes in Ireland (2009) An Dr Jean Ware, Tish Balfe, Cathal Butler, Thérèse Day, Maeve Dupont, Catherine Harten, Ann-Marie Farrell, Rory McDaid, Margaret O'Riordan, Anita Prunty agus Joe Travers, Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh 4.

http://www.ncse.ie/uploads/1/4_NCSE_SpecSchlsClas.pdf

International Review of the Literature of Evidence of Best Practice in the Education of Blind and Visually Impaired Children (2009) Graeme Douglas, Steve McCall, Mike McLinden, Sue Pavey, Jean Ware agus Ann Marie Farrell, Ollscoil Birmingham agus Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh 3.

http://www.ncse.ie/uploads/1/3_NCSE_Visual_1.pdf




International Review of the Literature of Evidence of Best Practice Provision in the Education of Persons with Autistic Spectrum Disorders (2009) Sarah Parsons, Karen Guldberg, Andrea MacLeod, Glenys Jones, Anita Prunty agus Tish Balfe, Ollscoil Birmingham agus Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh 2. http://www.ncse.ie/uploads/1/2_NCSE_Autism.pdf

Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Deaf and Hard-of-Hearing Children: An International Review (2009) Marc Marschark agus Patricia Spencer, National Technical Institute for the Deaf, Institiúid Teicneolaíochta Rochester, NY: Tuarascálacha Taighde ón NCSE Uimh 1.

http://www.ncse.ie/uploads/1/1_NCSE_Deaf.pdf

Tá achoimre ar an tuarascáil thuas ar fáil leis, ag:

<http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSEDeafReportExecutiveSummary.pdf>





Dhá Staidéar Taighde nua coimisiúnaithe ag an NCSE

Ag éisteacht le daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

Glacann an lucht acadúil agus lucht déanta beartais araon leis go forleathan ar an aimsir seo nach mór dúinn a thuiscint conas a théann gach gné de shaol na scoile i bhfeidhm ar an dalta más rud é go dteastaíonn uainn feabhas a chur ar sholáthar, ar chleachtas agus ar fhoghlaim an dalta. Choimisiúnaigh an NCSE staidéar nua fíorshuimiúil le déanaí a chuirfidh ar chumas na ndaltaí meánscoile a bhfuil riachtanais speisialta acu insint dúinn faoina gcuid eispéireas agus conas atá ag éirí leo sa chóras oideachais.

Is cuid thábhachtach den bhforbairt beartais in Éirinn é cheana féin a bheith ag éisteacht lena bhfuil le rá ag daoine óga, tríd an Straitéis Náisiúnta Leanaí ina dtugtar gealltanas go mbeidh ‘guth’ ag páistí agus daoine óga maidir le cúrsaí a théann i gcion orthu agus déanfar a gcuid tuairimí a thomhas go cuí de réir aoise agus aibíochta. Bhí tairiscintí á lorg ag an NCSE ó lucht acadúil agus ó thaighdeoirí ar shuim leo tabhairt faoin staidéar. Tugadh an conradh d’fhoireann ó Ollscoil Mhanchain a bhfuil taithí aici agus atá ag obair faoi stiúir an tsaineolaí Dr Garry Squires. Tá lucht acadúil as Éirinn chomh maith le coiste comhairleach na NCSE rannpháirteach sa staidéar, chomh maith.

Díreofar an staidéar ar thuairimí agus ar eispéireas na ndaltaí i ndáil le saincheisteanna a imríonn ar a rannpháirtíocht agus ar a mbaint leis an scoil agus le foghlaim, idir fhoghlaim fhoirmiúil (gnóthachtáil acadúil) agus neamhfhoirmiúil (maidir le leas agus neamhspleáchas). De bheis air seo déanfar iarracht ar a thomhas cén baint atá ag na heispéiris seo atá ag an dalta le torthaí foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla (m. sh. gnóthachtáil acadúil, luathfhágáil na scoile, neamhspleáchas, forbairt scileanna). Tá méid áirithe fianaise againn gur dócha go bhfuil níos mó deacrachtaí ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa timpeallacht meánscoile ná mar atá ag daltaí nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá tuilleadh diantaighde den sort seo ag teastáil uainn áfach, chun a dheimhniú cad é an t-eispéireas atá ag daltaí a bhfuil na hiliomad riachtanais speisialta acu agus conas atá ag éirí leo, ina dtuairim féin, leis an gcuraclam, leis an scoil agus lena gcuid comhdhaltaí.

I dtosach an tionscadail déanfar athbhreithniú ar litríocht Éireannach agus idirnáisiúnta ina bpléitear gnátheispéireas daltaí meánscoile maidir le teacht ar an gcuraclam, foghlaim, rannpháirtíocht agus maidir le baint leis an scoil. Ina theannta sin déanfar forbheathnú agus anailís ar na príomhcheachtanna a



Staidéir Thaighde Nua (ar leanúint)

fhoghlaimítear ón litríocht sin go háirithe maidir le daltaí a bhfuil riachtais speisialta oideachais acu. Sa dara chéim beifear ag déileáil leis na daltaí i 30-40 scoil ar fud na tíre chun torthaí samplacha a fháil. Chuige seo cuirfear príomhbhaill den bhfoireann faoi agallamh agus cnuasófar doiciméadú ábhartha faoi chúlraí na scoileanna sin. Déanfar formhór na hoibre allamuigh le linn 2013 agus meastar go mbeidh an staidéar críochnaithe faoi dheireadh 2014.

A Study of the Experiences of Students with Special Educational Needs at Post Primary School: Príomhthaighdeoir: An Dr Garry Squires, Ollscoil Mhanchain

Athbhreithniú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Sholáthar do Dhaoine Fásta faoi Mhíchumas

Tá an chéad staidéar taighde riamh coimisiúnaithe ag an NCSE le fiordhéanaí a scrúdóidh soláthar do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Beidh an staidéar tábhachtach seo ina chabhair don NCSE chun tuiscint níos fearr a fháil ar an réimse seo agus barrchleachtas a aithint a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hoideachas, oiliúint agus tacaíochtaí athshlánaithe do dhaoine fásta faoi mhíchumas sa tír seo agus go hidirnáisiúnta.

Tá roinnt feidhmeanna reachtúla ag an NCSE i dtaca le hoideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Faoi Alt 20(1) d'Acht EPSN (2004) tá ar an NCSE athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar do dhaoine fásta faoi mhíchumas chun leas a bhaint as ardoideachas, oideachas d'aoisigh, oideachas leanúnach, as athshlánú agus as oiliúint; mar aon leis sin tá air comhairle a chur ar gach institiúid oideachais faoi bharrchleachtas i ndáil le hoideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas. (In Alt 7 (3) den Acht Míchumais (2005) sonraítear tuilleadh freagrachtaí atá ar an NCSE cé nach bhfuil feidhm leis an gcuid seo den Acht go fóill).


Is príomhchuspóir i bPlean Straitéiseach na NCSE í obair a fhorbairt a

bhaineann leis na feidhmeanna áirithe seo agus tá roinnt gníomhaíochtaí atá ag teacht ón gcuspóir seo ar na bacáin i gcomhair na tréimhse straitéisí seo. Is ceann de na gníomhaíochtaí seo é an staidéar seo agus beidh sé ina rannchuidiú luachmhar a chabhróidh chun bunús fianaise a chur le chéile chun ábhar eolais, treoirlínte cleachtais agus soláthair agus comhairle beartais a chruthú. [Is é a áirítear ar na gníomhaíochtaí eile ná teagmháil a dhéanamh le soláthraithe breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna chun léarscáil a dhéanamh den gcineál agus den méid soláthair agus tacaíochtaí atá ar fáil in Éirinn faoi láthair; eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus d'aoisigh óga faoi mhíchumas maidir leis na roghanna agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh.] Ní ba luaithe sa bhliain ghlaoigh an NCSE trí fhógra poiblí ar thairiscintí ó lucht acadúil agus ó thaighdeoirí ar shuim leo tabhairt faoin staidéar seo. Bronnadh an conradh ar an Dr Carmel Duggan ó WRC Comhairleoirí Sóisialta agus Eacnamaíochta as Baile Átha Cliath i mí Bhealtaine.

I láthair na huaire tá níos mó ná Roinn Rialtais amháin freagrach as oideachas, athshlánú agus oiliúint a sholáthar do dhaoine fásta faoi mhíchumas in Éirinn agus cuirtear ar fáil iad ag líon mór soláthraithe i suíomhanna príomhshrutha agus i suíomhanna nach iad araon. Clúdóidh an t-athbhreithniú taighde seo réimse leathan ó riachtanas de bharr gur gá dó plé le gach saghas soláthair do dhaoine fásta thar réimse leathan míchumas. Ina theannta sin tiocfaidh roinnt staidéar cáis níos mionsonraithe as tíortha áirithe as an staidéar seo chun solas a chaitheamh ar ghnéithe ar leith den mbarrchleachtas. Socrófar rogha agus líon na dtíortha a chuirfidh staidéar cáis leis de réir fianaise a aimseofar san litríocht agus sa chomhairliúchán leis an NCSE le linn an phróiseas taighde. Meastar go gcuirfear an t-athbhreithniú i gcrích faoi dheireadh 2012.

What Works in the Provision of Higher and Further Education, Continuing Education, Rehabilitation and Training for Adults with Disabilities: A Literature and Country Review. Príomhthaighdeoir: An Dr Carmel Duggan, WRC, Baile Átha Cliath 2.

An Chomhairle Beartais is deireanaí ón NCSE



Chur chuige nua do Pháistí Bodhra agus Lagéisteachta chun dul chun cinn a dhéanamh i scoileanna na hÉireann

Cuireadh an páipéar comhairle beartais ón NCSE maidir le hoideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta amach anseo faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna ar an 3 Feabhra 2012. Níos déanaí sa lá sheoil an tAire Leanaí, Frances FitzGerald, an chomhairle beartais go foirmiúil i dTúr an Chloig sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Agus í ag caint ag an seoladh dúirt an tAire FitzGerald go “bhfuil tábhacht ag baint leis an bpáipéar seo de bharr go léiríonn sé conas is féidir feabhas a chur ar thorthaí acadúla páistí Bodhra agus Lagéisteachta – trí luathidirghabháil dhírith; rochtain fheabhsaithe ar shealbhú teanga luath; eolas cuimsitheach do thuismitheoirí ón am a ndéantar diagnóis ar an leanbh; réimse suíomhanna oideachais a chur ar fáil ina bhfuil teacht ag páistí Bodhra agus Lagéisteachta ar na seirbhísí tacaíochta atá ag teastáil uathu ; agus trí scileanna an



mhúinteora a fhorbairt chun a chur ar a chumas cabhrú le páistí Bodhra agus Lagéisteachta a n-acmhainn acadúil a bhaint amach’.

Tá leagan leictreonach den bpáipéar seo de chuid an NCSE ar fáil ag: http://www.ncse.ie/policy_advice/policy.asp



Eolas do thuismitheoirí páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu

Tá tús curtha ag an NCSE le sraith de bhileoga eolais a fhoilsiú atá dírithe ar thuismitheoirí páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu: *Eolas do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga Bodhra agus Lagéisteachta*. Tá leagan leictreonach agus leagan i dteanga chomharthaíochta na hÉireann den bhileog ar fáil ar shuíomh idirlín na NCSE ag: http://www.ncse.ie/for_parents/Information_Pamphlets.asp

Is féidir cóip chrua den bhileog a fháil trí líonra na nEagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais.

Sábháilteacht scoileanna a fheabhsú – plean chun dul i ngleic le hiompar dúshlánach daltaí

D’fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) a chomhairle beartais chuig an Aire Oideachais agus Scileanna ar an 1 Deireadh Fómhair 2012. Léiríonn an chomhairle beartais seo conas is féidir iompar dúshlánach a chosc nó a laghdú i scoileanna.



Sábháilteacht scoileanna a fheabhsú (ar leanúint)

Agus saincheist an iompair dhúshlánaigh i scoileanna á breithniú ag an NCSE bhíothas ag díriú, ar dtús báire, ar roinnt páistí a raibh riachtanais oideachais speisialta acu agus nach rabhtas in ann smacht a chur ar a n-iompar fíordhúshlánach, nach mór, ina sainsúíomhanna scoile. Níorbh fhada gur léir áfach, gur fadhb mhór é iompar míchuí i scoileanna ar fud na tíre agus go mbaineann sé le daltaí nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, chomh maith. Bainfidh gach scoil leas as moltaí na NCSE.

Bíonn deacrachtaí móra ag scoileanna mar thoradh ar iompar dúshlánach daltaí i gcásanna áirithe. Léiríonn taighde a choimisiúnaigh an NCSE gur féidir déine agus minicíocht an iompair dhúshlánaigh a mhaolú má chuirtear saineolas cuí agus cláir chuí i bhfeidhm. Más amhlaidh a dhéantar cruthaítear timpeallacht shábháilte do mhúinteoirí agus daltaí araon tabhairt faoi mhúineadh agus foghlaim.

Moltar i gcomhairle beartais na NCSE go ndéanfaí luathidirghabháil sula bhfásfaidh fadhbanna iompair ina nósanna. Ina theannta sin moltar oiliúint speisialta a chur ar mhúinteoirí maidir le bainistiú iompair. Ní mór do scoileanna cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith bainistiú iompair agus ní mór dóibh go háirithe, cláir a bhfuil dea-thorthaí cruthaithe orthu a chur i ngníomh. Tá cuid acu molta sa phlean.

De bheis air sin bhí sraith moltaí sa pháipéar atá dírithe ar na daltaí siúd a bhfuil a n-iompar chomh dúshlánach sin go bhfuil sé á gcosc ó bheith ag freastal ar an scoil/ó bhaint a bheith acu leis an scoil agus óna n-acmhainn phearsanta a bhaint amach. Tá na moltaí seo dírithe ar na tacaíochtaí atá ag teastáil ó na daltaí seo chun rannpháirtiú go fóinteach san oideachas.

Is féidir an páipéar comhairle beartais de chuid na NCSE: “The Education of Students with Challenging Behaviour arising from Severe Emotional Disturbance/Behavioural Disorders” a íoslódáil ag: http://www.ncse.ie/policy_advice/policy.asp

NCSE ag dul i gcomhairle le Comhpháirtithe Oideachais

Tá iarrtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an NCSE:

- comhairle beartais a ullmhú maidir leis an tslí ar chóir tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna agus
- cód Cleachtais a fhorbairt le haghaidh socrúchán oideachais do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Chuir an NCSE sraith cruinnithe comhairliúcháin ar siúl idir Aibreán agus Meitheamh 2012 lena Comhairle féin, lena Fóram Comhairliúcháin agus le comhpháirtithe oideachais eile d’fhonn a dtuairimí a lorg ar na hábhair seo.

Áiríodh ar na comhpháirtithe oideachais daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, grúpaí tathanta, ceardchumann, ionadaithe príomhoidí, gairmithe ó FSS, síceolaithe oideachais, eagraíochtaí bainistíochta scoile agus eagraíochtaí deonacha.

Tá na tuairimí a léiríodh le linn an phróiseas comhairliúcháin á mbreithniú ag an NCSE faoi láthair. Foilseofar an chomhairle beartais maidir le tacaíocht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san Earrach 2013.



Ag múineadh do pháistí agus do dhaoine óga conas an ceann is fearr a fháil ar imní

Conas a mhúinfimid do pháistí agus do dhaoine óga a gcumas teacht aniar a chur chun cinn agus an ceann is fearr a fháil ar a n-imní?

ELIZABETH CHARLES, SÍCEOLAÍ OIDEACHAIS SINSEARACH, AN TSEIRBHÍS SHÍCEOLAÍOCHTA OIDEACHAIS NÁISIÚNTA

Tá taithí againn go léir ar a bheith imníoch agus buartha. Gnáthfhreagairt í seo nuair is dóigh linn go bhfuiltear ag bagairt orainn. Nuair a bhíonn imní thromchúiseach ar dhuine tarraingíonn sí freagairt struis as a leanann teitheadh nó iompar trodach nó reonn an imní an duine. Bíonn an racht aidréanailín a ghabhann leis an bhfreagra struis áisiúil de ghnáth chun cabhrú linn dul i ngleic leis an gcás agus an ceann is fearr a fháil ar chúrsaí. D'fhéadfadh imní cur isteach orainn áfach, agus sinn a chosc ó lán ár n-acmhainne a bhaint amach inár saol.

Tá páistí agus daoine óga inár measc a mhaireann faoi shíorimní, rud a chuireann isteach ar a saol ar scoil agus sa bhaile. I ndáiríre, tá imní ar na fadhbanna is coitianta atá ag cur isteach ar shláinte daoine óga; de réir Costello et al, 2003, tá tuairim is duine as gach 10 bpáiste tar éis bheith faoi neamhord imní faoin am a bhaineann siad aois 18 amach.

Is ar shlí difriúla a thaispeánann daoine go bhfuil imní orthu agus is slí eile iad a cheileann na mothúcháin bhunúsacha, b'fhéidir. Tá cuid acu a mbíonn athdheimhniú, aire agus deamheas ag teastáil uathu gan stad gan staonadh. Tá tuilleadh acu a sheachnaíonn aire, ní thugann siad freagra as a stuaim féin sa rang choíche agus ní iarrann siad cabhair ón múinteoir nuair a bhíonn sí ag teastáil uathu. Baineann cuid eile díobh úsáid as iompar toirmeascach mar straitéis chun aire a bhaint ó na deacrachtaí atá acu leis an obair scoile. D'fhéadfadh gach aon cheann de na hiompair seo comhartha a thabhairt go bhfuil imní ar an dalta go mion minic.

Féadann mothúcháin imní dochar a dhéanamh d'fheidhmíocht



acadúil sa mhéid go mbaineann an dalta scóir níos ísle ná a bhfuiltear ag súil leo amach i dtrialacha, go mbíonn deacrachtaí aige tús a chur le tasc, cuimhneamh ar rudaí, a aigne a dhírú ar an obair go leanúnach nó tasc a chríochnú de bharr gur dóigh leis go gcaithfidh an obair a bheith foirfe. Féadann imní agus buairt cur isteach ar shaol sóisialta an dalta chomh maith, m.sh. bíonn eagla air labhairt amach i ngrúpaí móra, bíonn drogall air dul amach sa chlós agus bíonn deacrachtaí aige cairde a dhéanamh agus a choinneáil. Sa chás is measa diúltaíonn an

dalta freastal ar an scoil, bíonn sé i mbaol go fadtéarmach agus d'fhéadfadh an imní fadhbanna meabharshláinte ar nós dúla-gar agus féindochar a tharraingt.

Is gnáthfhreagairt í imní d'athrú nó aistriú ó shuíomh amháin chuig suíomh eile a tharlaíonn gan choinne, m.sh. ag cur tús le scoil nó aistriú go dtí an iarbhunscoil ach tá teicnící simplí éifeachtacha ar fáil ar féidir iad a mhúineadh chun go gcabhróidh siad le daoine idir pháistí fíor-óga agus dhaoine fásta, an ceann is fearr a fháil ar an imní agus í a bhainistiú go héifeachtach.

Idirghabhálacha fianaise-bhunaithe chun imní a bhainistiú

Glacann síceolaithe leis go bhfuil idirghníomhú idir na smaointe atá againn faoi rud agus na mothúcháin atá againn maidir leis an rud sin ó thaobh freagraí mothúcháin agus coirp de agus gur féidir an t-idirghníomhú idir smaointe agus mothúcháin a chur in iúl trí iompar. Mar shampla: más dóigh linn go bhfuilimid ar tí titim d'fhéadfadh comharthaí coirp a bheith againn a bhaineann le himní (m.sh. cuisle croí ardaithe, sceitimíní orainn agus mar sin de). D'fhéadfaidís sin teacht orainn mar mhothúcháin imní, neirbhíseachta, buartha nó eagla. De ghnáth spreagann na smaointe, na mothúcháin agus na freagraí coirp seo i dteannta a chéile sinn le cúinse a sheachaint agus dá thoradh sin ní théimid i ngleic leis an eispéireas a chruthódh dúinn go n-éireodh linn murach go seachnóimis an cúinse sin. Mar thoradh ar a leithéid d'fhreagra d'fhéadfaí tús a chur le timthriall leanúnach mhéadaitheach ina ndéantar cúinse deacra a sheachaint agus ina gcailltear an mhuinín go bhféadfaí smacht a choimeád ar smaointe agus ar mhothúcháin.

Ag múineadh do pháistí agus do dhaoine óga conas an ceann is fearr a fháil ar imní (ar leanúint)

Aithnítear go bhfuil Cláir atá bunaithe ar Mhodhanna Iompraíochta Cognaíocha ina n-idirghabhálacha éifeachtacha do pháistí agus dhaoine óga a bhfuil imní orthu (Cooper & Jacobs 2011) agus do dhaoine fásta, chomh maith (Treoir NICE 2007). Oibríonn na hidirghabhálacha seo trí roinnt straitéisí éagsúla lena n-áirítear daoine a spreagadh chun a gcuid smaointeoireachta a athrú agus smaointe níos cothromaithe níos cabhracha a bheith acu, m.sh. ‘ní gá dom ach mo dhícheall a dhéanamh.’ Is maith an rud é díriú isteach ar smaointe a chabhraíonn leis an duine imníoch déileáil le cúinsí a spreagann imní. Spreagann an t-eispéireas a ghabhann le déileáil le cúinse muinín agus toilteanas an duine tabhairt faoi rudaí nua.

Cláir na gCáirde (The Friends programmes)

Tá taighde agus forbairt déanta ag an síceolaí Paula Barrett ar shraith clár atá bunaithe ar mhodh iompraíoch cognaíoch. Is cláir choisctheacha iad atá ceaptha le haghaidh úsáide i scoileanna agus i suíomhanna luathoideachais. Is é is cuspóir dóibh ná na scileanna atá ag teastáil ón duine chun a chuid smaointe, mothúcháin agus freagraí coirp a bhainistiú a mhúineadh don rang ar fad nó do ghrúpaí beaga páistí nó daoine óga.

Clár do pháistí idir 4 agus 7 mbliana d’aois atá bunaithe ar shúgradh is ea Fun Friends. Tá sé leagtha amach de réir an acrainm FRIENDS;

Fa sheasann do thuiscint bhunúsach ar Mhothúcháin – ‘Feelings’ R a sheasann do theicníochtaí simplí chun suaimhneas – ‘relaxation’ a ghlacadh – (m. sh. anáilú creatháin bhainne), I a sheasann do ‘I can try’ – ‘is féidir liom triail a bhaint as’ agus do chabhrú le páistí smaointe cabhracha a bheith acu,

E a sheasann do ‘encourage’ – ‘misneach a chur orthu’ agus díríonn sé isteach ar rudaí deacra a bhriseadh ina gcéimeanna beaga, a bheith i do chara maith agus iarracht agus rath a cheiliúradh,



“ Tá My Friends Youth dírithe ar dhaltaí idir 12–16 bhliain d’aois ”

N a sheasann do ‘Nurture’ – ‘Cothú’. Pléitear cé hiad na rólchuspaí tábhachtacha i saol na bpáistí agus aithnítear daoine a thacaíonn leo.

D a sheasann do ‘Don’t forget to be brave’ - ‘Ná dearmad a bheith cróga’ agus

S a sheasann do ‘Stay happy’ ‘Bí sona sásta i gcónaí’. Is iad seo an dá sheisiún deiridh a dhíríonn isteach ar leas a bhaint as na scileanna sa bhfíorshaol.

Tá an clár FRIENDS for Life (Cairde go deo) ceaptha le haghaidh úsáide le páistí scoile idir 8-11 bhliain d’aois agus tá My Friends Youth (Mo Chairde don Óige) dírithe ar dhaltaí idir 12-16 bliana d’aois.

Tá d’aidhm ag na cláir seo cabhrú le daltaí mothúcháin imní, eagla agus buartha a chur díobh trí féinmheas a chothú agus trí scileanna chun déileáil leis na mothúcháin sin a mhúineadh dóibh ar shlí shimplí struchtúrtha. Is mar sin a dhéantar sa chlár Fun Friends é tríd an bhfocal FRIENDS a úsáid mar acrainm a oireann d’aois na bpáistí. Cuireann litreacha an fhocail na straitéiseacha éagsúla i gcuimhne dóibh, m. sh. na mothúcháin agus na freagraí coirp a thuiscint, straitéiseacha suaimhnis agus aireachais a úsáid, modhanna smaointeoireachta atá cabhrach, cothromaithe agus dírithe ar fadhbanna a réiteach d’fhonn dul i ngleic le tascanna casta agus machnamh agus breithmheas a dhéanamh ar roghanna éagsúla i gcúinsí a chuireann imní ar dhuine.

Is féidir gach clár a sheachadadh thar tréimhse 10-12 sheachtaine. Curaclam bíseach is ea na cláir i dteannta a chéile a athfhilleann ar choincheapanna agus a leathnaíonn iad de réir fianaise thaighde agus trí úsáid a bhaint as creatlach iompraíoch cognaíoch.

Tá aitheantas bainte amach ag an gclár FRIENDS for life san Eagraíocht Sláinte Dhomhanda (2004) faoin am seo as ucht 17 mbliana de chleachtas a bhfuil measúnú cuimsitheach déanta air a bheith aige. Tá sé curtha in oiriúint agus tá úsáid á baint

Ag múineadh do pháistí agus do dhaoine óga conas an ceann is fearr a fháil ar imní (ar leanúint)

as i scoileanna go hidirnáisiúnta (féach, mar shampla, an clár á chur i ngníomh i mBritish Columbia i gCeanada, ag www.mcf.gov.bc.ca/mental_health). Rinneadh measúnú ar a éifeacht le déanaí i mbunscoileanna i gCeatharlach agus i gCill Chainnigh agus thug Crosbie et al (2011) faoi deara go raibh feabhas nach beag tagtha ar bhearta imní agus féinmheasa a coinníodh sa tsiúl go ceann trí mhíosa i ndiaidh an clár a bheith críochnaithe.

Sa bhliain acadúil 2011-2012 chuir an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta, i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus an tSeirbhís Tacaíochta OSPS, tionscadal náisiúnta atá bunaithe ar an Clár Friends for Life ar siúl i 14 mheánscoil. Léirigh an staidéar seo go bhfuil an Clár Friends for Life oiriúnach do dhaltai sa chéad bhliain meánscoile má fhorlíontar cuid den ábhar le hábhar as an gClár My Youth (Rodgers & Henefer 2012). Thaispeáin measúnú ar an tionscadal laghdú mór ar leibhéil imní sna daltaí a bhí rannpháirteach sa chlár. Dhearbhaigh tuismitheoirí na torthaí seo. Ina theannta sin tháinig laghdú suntasach ar strus ginearálta, strus mothúcháinach, fadhbanna idir piaraí, deacrachtaí iompair agus deacrachtaí maidir le Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde sna daltaí tar éis dóibh páirt a ghlacadh sa chlár. Lean na 14 scoil orthu ag cur an chláir i ngníomh le linn na bliana seo. Tá an clár My Youth á thabhairt isteach ag cuid acu le haghaidh ranganna na hArdteistiméirí reachta Feidhmí agus na hIdirbhliana chomh maith. Tá an clár Friends for Life oiriúnach go háirithe do dhaltai an timthrialla shóisearaigh a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu.

FRIENDS for life a mhúineadh mar chuid den gCuraclam OSPS

Spreagann na cláir seo go léir na rannpháirtithe le foghlaim óna gcuid eispéireas féin agus ó eispéiris daoine eile araon. Is féidir úsáid fhóiréachtach a bhaint as formáid am ciorcail agus as grúpaí beaga chun foghlaim i ngrúpa an ranga uile a éascú.

Tugann an clár faoi spriocanna i ngach ceann de thrí shnáithe an chláir OSPS bunscoile agus tá baint ar leith aige leis na haonaid snáithe seo a leanas: Féinaithne, Ag tabhairt aire do mo chorp, Ag fás agus ag athrú, Ag déanamh cinntí, Mise agus mo theaghlach, Mo chairde agus daoine eile, Caidreamh le daoine eile agus Ag forbairt Saoránachta. Ag an dara leibhéal comhlíonann an clár don Óige gach sprioc atá ag an gCuraclam OSPS iarbhuscoile, is é sin: scileanna a fhorbairt le haghaidh féin-chomhlíonta agus maireachtáil i bpobail, cur chun cinn féinmheasa agus féinmhuiníne, a chur ar chumas na ndaltaí creatlach a fhorbairt chun cinntí a dhéanamh go freagrach, deiseanna a chur ar fáil le haghaidh machnaimh, plé agus cur chun cinn leas an choirp, na haigine agus na mothúchán.

Tuilleadh eolais

Féadann múinteoirí an clár seo a chur ar siúl chomh luath agus a bhfuil freastal déanta acu ar chlár oiliúna atá curtha ar fáil ag oiliúnoirí ceadúnaithe. Síceolaí is ea an t-oiliúnoir seo de ghnáth. Déanfaidh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais staidéar taighde i mbliana ar chur i ngníomh an chláir FRIENDS for Life i 27 mbunscoil. Dá bharr sin cuirfear oiliúint ar mhúinteoirí bunscoile chun go mbeidh ar a gcumas an clár Friends for Life a sheachadadh. Déanfar measúnú ar éifeachtacht an chláir maidir le imní a laghdú agus féinmheas a chur ar aghaidh trí torthaí a chur i gcomparáid le grúpa daltaí nach raibh rannpháirteach sa chlár. Táthar ag súil le hoiliúint múinteoirí a leathnú amach chun an clár a sheachadadh thar na blianta atá romhainn. Cuirfidh an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta oiliúint ar mhúinteoirí ó bhreis is go iarbhuscoil le haghaidh an chláir Friends for Life agus My Youth go déanach i mí na Samhna 2012. Tá tuilleadh eolais faoi na cláir ar fáil ag www.friends.info.net.

An Nuacht is deireanaí faoin gClár FRIENDS

Tá an séú eagrán de na cláir Fun Friends/Friends for Life/My Youth seolta ag an eagraíocht Friends san Astráil le déanaí.

Beidh an oiliúint a chuirfidh na tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ar siúl amach anseo bunaithe ar an séú eagrán de na cláir.

Chomh maith leis sin tá clár do dhaoine fásta chun cumas teacht aniar a chur chun cinn forbartha ag an Dr Paula Barrett. Tá an clár seo bunaithe ar na prionsabail céanna leis na cláir FRIENDS. Cuireann sí suim i múinteoirí atá i mbun oiliúna sa chlár cumais teacht aniar do dhaoine fásta ar mhaithe leo féin agus atá faoi oiliúint d'fhonn na cláir FRIENDS a sheachadadh i scoileanna ag chomh maith. Cuirfidh an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta seisiún eolais faoin gClár Cumais Teacht Aniar d'aosaigh ar siúl i mí na Nollag 2012.

Tagairtí

- Cooper, P. & Jacobs, B. (2011) *Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Children with Emotional Disturbance/Behavioural Difficulties: An International Review*. Tuarascálacha Taighde na NCSE Uimh.7
- Costello E.J., Mustillo, S., Erkanli, A., Keeler, G., & Angold, A. (2003) 'Prevalence and development of Psychiatric disorders in childhood and adolescence'. *Archives of General Psychiatry*, Lúnasa; 60 (8):837-44.
- Crosbie, G., Charles, E., Peel, R., Moran, J., Cullen, A., Carroll, D., Buckley, C. (2011) 'An Evaluation of the FRIENDS for Life Programme in Irish Schools'. *The Irish Psychologist*, 38 (1), 14-20.
- FRIENDS For life Liaison Manual Sponsored by Ministry of Children and Family Development, British Columbia, Canada. Aisghafa ar an 2 Lúnasa 2012 ó http://www.mcf.gov.bc.ca/mental_health/pdf/FRIENDS_Liaison_Manual.pdf
- Treoirínte NICE (National Institute for Health and Clinical Excellence) – imní, arna leasú i 2007 www.nice.org.uk/nicemedia/pdf/CG022quickrefguideamended.pdf
- Rodgers, A., Henefer, J., (2012) 'FRIENDS for Life' Programme – Summary of the 2011- 2012 National Project Results. An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus an tSeirbhís Tacaíochta OSPS
- An Eagraíocht Sláinte Dhomhanda, Roinn na Meabhairshláinte agus Mí-úsáid Substaintí i gcomhar leis an Ionad Taighde ar Chosc de chuid Ollscoil Nijmegen agus Maastricht (2004), Prevention of Mental Disorders: Effective Interventions and Policy Options. Tuairisc Achomair. Aisghafa ar an 2 Lúnasa 2012 ó http://www.who.int/mental_health/evidence/en/prevention_of_mental_disorders_sr.pdf

The Incredible Years - An Clár Bainistíochta Ranga don Múinteoir

Ag cabhrú le scoileanna agus múinteoirí iompar a bhainistiú agus inniúlacht shóisialta agus mhothúcháinach a chur chun cinn

GABRIELLE GREENE, STIÚRTHÓIR RÉIGIÚNACH NA SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA SÍCEOLAÍOCHTA OIDEACHAIS

Fadhbanna Iompair i Scoileanna

Is deacair léargas cruinn a fháil ar leitheadúlacht deacrachtaí iompraíochta i bpáistí in aois scoile de bharr difríochtaí aicmithe thar disciplíní agus dlínsí éagsúla. Tá lucht taighde ar aon aigne áfach, gur dócha go bhfuil deacrachtaí mothúcháin agus/nó deacrachtaí iompraíochta ag duine as gach cúigear daltaí uair éigin le linn dóibh a bheith ar scoil. Tá seans leis, go mbíonn leitheadúlacht deacrachtaí iompraíochta ag athrú ó shuíomh go suíomh. Léiríodh é seo le déanaí i dtorthaí an staidéir How Are Our Kids study (2012) a rinne Coiste Seirbhísí Leanai Luimnigh. De réir an staidéir seo tá deacrachtaí mothúcháin agus iompraíochta suntasacha ag 15%-37% de pháistí a chónaíonn i limistéir athghiniúna nó i limistéir a aithnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le 6% de pháistí a chónaíonn i limistéir ina bhfuil cúinsí eacnamaíochta agus sóisialta níos fearr.

Ba chóir go mbeadh na sonraí seo ina n-ábhar imní dúinn mar tá ceangal idir fadhbanna iompraíochta páiste i gcomhthéacs oideachasúil le heaspa feidhmíochta acadúla agus drochfhreastal. Ina theannta sin bíonn an bhaint leis an scoil ag dul i léig, teipeann ar an bpáiste ar scoil agus fágann sé nó sí an scoil go luath, (Knitzer, 1993). Meastar baint a bheith ag deacrachtaí iompraíochta a tharlaíonn go luath i saol an pháiste le bheith i mbaol dúlagair ar feadh a shaoil, easpa féinmheasa, coiriúlacht agus mí-úsáid substaintí (Kazdin, 1995). Is léir dúinn ón taighde go n-éiríonn sé níos deacra de réir a chéile athrú chun feabhais a chur ar fadhbanna iompraíochta de réir mar a théann páiste in aois. Tuigtear ó thorthaí staidéir gur minic a mheasann múinteoirí nach bhfuil d'acmhainn acu dul i ngleic leis an iompar dúshlánach sa seomra ranga (Shernoff

agus Kratochvill 2007). Tuigtear leis, nach mbaineann ach cuid bheag de na páistí a bhfuil seirbhísí clínicíúla nó meabhairshláinte ag teastáil uathu leas astu. De bhreis air seo d'fhéadfadh iompar suaiteach leanúnach sa rang drochthionchar a imirt ar an scoil agus ar thimpeallacht an seomra ranga agus d'fhéadfadh sé cur le strus agus tnáitheadh an mhúinteora (Cumann Múinteoirí Éireann, 2005).

Ceanglaítear na hiliomad tosca guaise agus tosca cosanta le fadhbanna iompraíochta agus/nó iompair i bpáistí lena mbaineann idirghníomhú idir tosca aonair agus tosca timpeallachta. Ó thaobh an lucht oideachais de, tá tábhacht ar leith ag baint leis na tosca guaise sin ar scoil agus sa seomra ranga a bhfuil cruthaithe ina dtaobh go bhfuil baint acu le forbairt deacrachtaí iompraíochta agus leis na deacrachtaí sin a chothú ar an taobh amháin agus na tosca cosanta sin a chabhraíonn le páistí cumas teacht aniar agus an cumas dul i ngleic le cruatan a fhorbairt. Áirítear ar tosca guaise ar scoil agus sa seomra ranga gan scileanna cuí a bheith ag an múinteoir an rang a bhainistiú, líon na bpáistí sa rang a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu, easpa rannpháirtíochta na dtuismitheoirí leis na scoileanna agus strus agus tnáitheadh an mhúinteora (Webster-Stratton agus Reid 2008). Áirítear ar na tosca cosanta ar scoil agus sa seomra ranga straitéiseacha dearfacha chun an rang a bhainistiú, caidreamh maith idir na daltaí agus an múinteoir agus idir na tuismitheoirí agus an múinteoir, tacaíocht don múinteoir agus béim a bheith ar inniúlacht shóisialta agus mhothúcháinach chomh maith le scileanna réiteach faidhbe na bpáistí a chur chun cinn (Webster-Stratton and Reid 2008).

Is léir ón taighde seo ar fad go bhfuil freagairt chomhordaithe ilghníomhaireachta ag teastáil chun freastal ar riachtanais

páistí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta tromchúiseacha acu. Ina leithéid de chur chuige ní mór don bhfreagra oideachasúil béim a leagan ar luathidirghabháil agus ar idirghabháil uilíoch. Ina theannta sin ní mór scileanna bainistíochta ranga an mhúinteora a fhorbairt. Tá bainistíocht an ranga aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (2006) mar ghné rithábhachtach den mhúineadh.

Aithníonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais go bhfuil an clár Bainistíochta Ranga Incredible Years thar a bheith éifeachtach chun inniúlacht an mhúinteora a fhorbairt maidir le scileanna bainistíochta ranga agus maidir le scileanna sóisialta agus mothúcháin a chur chun cinn.

An tSraith The Incredible Years

Is é atá sa tSraith The Incredible Years ná trí cinn de chlár oiliúna fianaise-bhunaithe cónasctha do thuismitheoirí, pháistí agus mhúinteoirí. Is í an Dr. Carolyn Webster-Stratton ó Ollscoil Washington, Seattle a d'fhorbair iad thar tréimhse tríocha bliain. Tá dhá sprioc fhadtréimhseacha ag na cláir: cláir luathidirghabhála atá éifeachtach ó thaobh costais de a chur ar fáil atá úsáideach do theaghlaigh agus do mhúinteoirí chun inniúlacht shóisialta, mhothúcháinach agus acadúil a chur chun cinn agus d'fhoill fadhbanna iompair a chosc; agus idirghabhálacha cuimsitheacha a chur ar fáil atá ag díriú ar fadhbanna iompair a leigheas agus a laghdú go luath i saol an pháiste óig. Tá na cláir curtha i ngníomh agus tá measúnú déanta orthu i roinnt tíortha, an RA, an Iorua, an Nua Shéalainn agus Éire san áireamh. Sna SAM tá cnuasach na gclár seo ar cheann d'aon threoirphlean déag a roghnaíodh don tsraith Treoirphleananna um Chosc Foréigin (Blueprints for Violence Prevention Series 1998) de bharr go gcomhlíonann sé dianchaighdeáin fianaise.

An Clár The Incredible Years Programme (ar leanúint)

An Clár Bainistíochta Ranga don Mhúinteoir

Tá an clár seo ag díriú ar na straitéiseacha bainistíochta ranga siúd a threisiú a bhfuil cruthaithe ina dtaobh go bhfuil inniúlacht shóisialta, mhothúchánach agus acadúil na bpáistí á gcur chun cinn acu, mar aon le caidreamh agus comhoibriú dearfach idir múinteoirí agus tuismitheoirí. Ina theannta sin tá an clár ag tabhairt faoi na guaisí sin ar scoil a d'fhéadfadh fadhbanna iompair frithshóisialta a tharraingt níos déanaí, rudaí ar a n-áirítear líon na ndaltaí sa rang, strus ar an múinteoir agus easpa tacaíochta, gan dóthain rannpháirtíocht a bheith ag na tuismitheoirí, cleachtais araíonachta danartha diúltacha chomh maith le heaspa oiliúna agus muiníne maidir le bainistiú iompair sa rang. Lasmuigh de bheith ag cur chun cinn scileanna bainistíochta ranga an mhúinteora cuireann an clár ar chumas an mhúinteora freagraí sainchumtha a chur le chéile do riachtanais grúpaí páistí ar leith nó páistí aonair ar leith atá ina ranganna. Reáchtáiltear ceardlanna thar cúig/sé¹ lá iomlána gach mí. Beirt cheannairí grúpa a éascaíonn na ceardlanna do 14-17 múinteoirí. Baintear úsáid as modhanna oiliúna idir mhodhanna comhoibritheacha, idirghníomhacha agus féinmhachnamhacha lena n-áirítear plé agus cleachtadh faoi threoir físeáin.

De réir staidéir mheasúnaithe a rinneadh sna SA, sa RA agus in Éirinn go dtí seo is clár éifeachtach é an clár a chuireann feabhas nach beag ar iompar páistí, ar thimpeallacht an seomra ranga agus ar scileanna agus mhuinín an mhúinteora. (Webster Stratton et al 2004, Hutchings et al 2007, Fitzsimons et al, 2007, Davenport agus Tansey, 2009, Mc Gilloway et al, 2010).

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus The Incredible Years – an Clár Bainistíochta Ranga don Mhúinteoir

Tá freastal déanta ag 128 síceolaí na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais go dtí seo ar an gclár oiliúna 3 lá do

Cheannairí Grúpa, The Incredible Years – an clár Bainistíochta Ranga don mhúinteoir. Cuireann an clár oiliúna seo ar a gcumas an clár a sheachadadh do mhúinteoirí. Tá an clár oiliúna The Incredible Years – an clár Bainistíochta Ranga don mhúinteoir seachadta ag síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais do thuairim is 2000 múinteoir i gcaitheamh na 5 bliana seo caite. Is é The Incredible Years – an clár Bainistíochta Ranga don mhúinteoir, an snáithe is éifeachtaí ó thaobh costais de de na cláir The Incredible Years a sheachadann Síceolaithe Oideachais. Tá sé seo amhlaidh de bhrí go bhfuil d'acmhainn ag clár amháin (a sheachadtar do 17 múinteoirí) dea-thoradh a bheith aige do gach páiste faoi chúram na múinteoirí sin sa bhliain sin (tuairim is 480 páiste). Má ghlacaimid le meastachán an Staidéir Growing Up in Ireland (2010) i gcoibhneas le forleithne mórdheacrachtaí iompraíochta d'fhéadfadh 43 pháiste a bheith i líon na bpáistí thuas a bhfuil mórdheacrachtaí iompraíochta acu a bhainfidh tairbhe dhíreach as an gclár sa mhéid go ndéantar plean iompraíochta dóibh, go gcuirfear i ngníomh é agus go ndéanfar monatóireacht agus athbhreithniú air le linn dá múinteoirí a bheith i mbun an chlár. Dá bhrí sin cabhraíonn an clár The Incredible Years - an clár Bainistíochta Ranga don mhúinteoir le scoileanna agus le múinteoirí leanúnachas tacaíochta a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu de réir mar a mhínítear sa bhfoilseachán *Behavioural, Emotional and Social Difficulties: A Continuum of Support* (2010) de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

Cur chuige comhpháirtíochta i leith seachadadh na gclár The Incredible Years

Moltar cur chuige comhpháirtíochta iomlán a ghlacadh i leith cur i ngníomh céimneach snáitheanna go léir na gclár do thuismitheoirí, do pháistí agus do mhúinteoirí. Tá roinnt ionad sa tír faoin am seo ina bhfuil glactha leis an gcur chuige idirghníomhaireachta seo. Áirítear orthu an Lú, an Clár, Ciarraí agus Gaillimh. Is iad na heagraíochtaí a bhíonn bainteach leis na samhailtí comhpháirtíochta de ghnáth ná seirbhísí deonacha

agus reachtúla a bhaineann úsáid as acmhainní atá ar fáil cheana chun na snáitheanna sin den clár a sheachadadh a bhaineann lena sainchúram féin.

Tagairtí

- Blueprints for Violence Prevention Series, (1998); www.colorado.edu/cspv/blueprints.html.
- Davenport, J. agus Tansey, A. (2009) Incredible Years Collective Classroom Management Training, *tuarascáil taighde neamhfhoilsithe*.
- Department of Education and Science (2006) Learning to Teach: Students on teaching practice in Irish primary schools. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Fitzsimons, S., Harris, S., Swann, J. agus Egan, R. (2007) *Incredible Start, Incredible Future – Working Together to Improve Children's behaviour, Social and Emotional Skills*. An Clár: FSS an Iarthair.
- Hutchings, J., Daley, D., Jones, K., Martin, P., agus Gwyn, R. (2006) *Early results from developing and researching the Webster-Stratton Incredible Years Teacher Classroom Management Programme in North Wales*: Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na Breataine Bige, Bangor.
- Cumann Múinteoirí Éireann. (2005) *Towards Positive Behaviour in Schools*. Baile Átha Cliath, Cumann Múinteoirí Éireann.
- Kazdin, A.E. (1995) *Conduct Disorder in Childhood and Adolescence* (2nd ed.). Thousand Oaks, CA: Sage.
- Knitzer, J. (1993) Children's Mental Health Policy: Challenging the Future. *Emotional and Behavioural Difficulties*, 1: 8-16
- Limerick City Children's Services Committee. (2012) *How Are Our Kids? Experiences and Needs of Children and Families in Limerick City with a Particular Emphasis on Limerick's Regeneration Areas*. Limerick: HSE West
- McGilloway, S., Hyland, L., Ni Mhaille, G., Lodge, A., O'Neill, D., Kelly, P., Leckey, Y., Bywater, T., Comiskey, C. & Donnelly, M. (2011). *Positive Classrooms, Positive Children: A Summary Report*. Archways & NUI Maynooth.
- National Educational Psychological Services (2010). *Behavioural, Emotional and Social Difficulties: A Continuum of Support*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Sherhoff, E. S. agus Kratochwill, T. R. (2007). Transporting an evidence-based classroom management program for preschoolers with disruptive behaviour problems to a school: An analysis of implementation, outcomes, and contextual variables. *School Psychology Quarterly*, 22, 449-472.
- Webster-Stratton, C., Reid, M. J., agus Stoolmiller, M. (2008). Preventing conduct problems and improving school readiness: evaluation of the Incredible Years Teacher and Child Training Programs in high-risk schools. *Journal of Child Psychology and Psychiatry*, 49, 471-488

¹ Is féidir an clár a reáchtáil thar 10-12 leath-lá, chomh maith.

An Ghníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt ar Oideachas Riachtanais Speisialta



European Agency for Development in Special Needs Education

Eagraíocht neamhspleách féinrialaitheach is ea an Ghníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt ar Oideachas Riachtanais Speisialta atá bunaithe ag na ballstait mar ‘ardán chun comhoibriú maidir le forbairt soláthair d’fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu’. Is tríd an ghníomhaireacht seo a dhéantar eolas ón leibhéal Eorpach chomh maith le heolas as na tíortha iad féin a bhailiú, a phróiseáil agus a thraschur agus tugtar deis do bhallstáit foghlaim óna chéile trí mhalartú eolais agus cuairteanna staidéir.

Tá an ghníomhaireacht á cothabháil ag na Aireachtaí Oideachais sna tíortha rannpháirteacha (ballstáit an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis). Ina theannta sin faigheann sí tacaíocht ó Institiúidí an Aontais Eorpaigh faoin gClár Foghlaim Ar Feadh an tSaoil de chuid an Aontais Eorpaigh.

Cuirfear cruinniú leathbhliantúil na Gníomhaireachta ar siúl in Éirinn ón 14-16 Bealtaine 2013 de bhrí go mbeidh uachtaránacht an AE ag Éirinn ag an am sin. Beidh ionadaithe as gach tír rannpháirteach i láthair.

Tionscadail atá ar bun ag an nGníomhaireacht faoi láthair

1. Oideachas agus Oiliúint Gairme

Is é an chuspóir is tábhachtaí atá ag an tionscadail seo ná príomhghnéithe na gclár Oideachais agus Oiliúna Gairme d’fhoghlaimoirí idir 14-25 bliana d’aois a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus a chíoradh agus béim a chur ar nasc soiléir le deiseanna fostaíochta. Beidh comhdháil dheiridh an tionscadail Oideachais agus Oiliúna Gairme ar siúl ón 12-13 Samhain 2012 sa Niocóis i gcreatlach uachtaránacht na Cipire. Is é atá de chuspóir aici ná freagraí a bhailiú ar na ceisteanna ‘cad’ atá ag dul chun tairbhe do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sna cláir Oideachais agus Oiliúna Gairme, ‘conas’ atá sé ag dul chun tairbhe dóibh agus ‘cén fáth’. Is iad Finn O’Murchú, ar Cigire ón Roinn Oideachais agus Scileanna é, agus Rory O’Sullivan, Príomh-Oide Coláiste Breisoideachais Chill Easra, ionadaithe Éireannacha ar an tionscadal seo.

2. An Eagraíocht um Sholáthar Tacaíochta d’Oideachas Cuimsitheach

Is é is cuspóir don tionscadal Gníomhaireachta 3 bliana seo ná a chíoradh conas a eagraíonn tíortha córais tacaíochta d’fhonn freastal ar riachtanais foghlaimoirí faoi mhíchumas i suíomhanna príomhshrutha. Tá mar sprioc acu na gnéithe siúd a aithint sa soláthar príomhshrutha atá éifeachtach sa mhéid go dtacaíonn siad go díreach le foghlaimoirí laistigh de

shuíomhanna cuimsitheacha. Táthar ag díriú go háirithe ar fheidhm na scoileanna speisialta agus na hearnála speisialta maidir le tacú le suíomhanna príomhshrutha agus déanfar cíoradh air trí athbhreithniú ar litríocht taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta agus trí shuirbhé tíre ar gach tír atá rannpháirteach.

Cuireadh tús leis an tionscadal i 2011 agus beidh deireadh leis go luath i 2014. Tá na tíortha ar fad rannpháirteach sa tionscadal seo trína gcuid ionadaithe chuig an nGníomhaireacht.

3. Gnóthachtáil a Fheabhsú do gach Duine

Tá an tionscadal seo dírithe ar mhodhanna chun oideachais den scoth i suíomhanna cuimsitheacha a chur chun cinn mar straitéis lena n-ardaítear gnóthachtáil gach foghlaimora. Eagraíodh comhdháil thábhachtach i gcomhar le hAireacht Oideachais na Danmhairge agus le húdaráis Chathrach Odense. Cuireadh ar siúl í in Odense na Danmhairge ón 13 – 15 Meitheamh 2012 agus tugadh aitheantas di mar imeacht oifigiúil faoi Uachtaránacht na Danmhairge ar an AE. Úsáidfear torthaí an imeachta seo anois mar bhonn le haghaidh obair forbartha don mórtionscadal téamach seo ar cuid de chlár oibre ilbhliantúil na Gníomhaireachta í.

D’fhreastail na hionadaithe ar Éirinn, Finn

O’Murchú, ar cigire de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é, agus Clare Farrell, Oifigeach Taighde ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar an gcomhdháil in Odense.

4. Tiomsú Sonraí faoi Oideachas Riachtanais Speisialta: Forbairt nua

Tá maoiniú oibríochta breise aimsithe ag an nGníomhaireacht ón gCoimisiún Eorpach chun forbairt a dhéanamh ar an obair tiomsaithe sonraí faoin Oideachas Riachtanais Speisialta atá idir lámha aici.

Bunófar na gníomhaíochtaí forbartha seo ar thiomsú sonraí leathbhliantúil na Gníomhaireachta agus ar thorthaí an obair léarscáilithe ar Chur i nGníomh Beartais d’Oideachas Cuimsitheach (<http://www.european-agency.org/agency-projects/mapping-the-implementation-of-policy-for-inclusive-education>).

Is é atá i gceist ná sonraí breise níos dírithe ó thíortha na hEorpa a sholáthar a úsáidfear mar threoir dhíreach chun cuspóirí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh le haghaidh beartas oideachais speisialta agus chuimsithigh a cheapadh.

Is é Jennifer Doran, Ceann ar Oideachas Speisialta sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an t-ionadaí Éireannach ar an tionscadal.